



An Bhruiséal, 28 Feabhra 2019
(OR. en)

6946/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0107(COD)**

JAI 226
COPEN 80
CYBER 62
ENFOPOL 105
DROIPEN 28
JAIEX 31
DAPIX 82
EJUSTICE 32
MI 209
TELECOM 98
DATAPROTECT 66
CODEC 557

NÓTA

ó: An Uachtaránacht

chuig: An Chomhairle

Uimh. an doic. 6284/19
roimhe seo:

Uimh. an doic. ón 8115/18
gCoim.:

Ábhar: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla
– Cur chuige ginearálta

RÉAMHRÁ

1. Ar an 17 Aibreán 2018, ghlac an Coimisiún an togra thuasluaite, agus Airteagal 53 agus Airteagal 62 CFAE mar bhunús dlí aige, agus tharchuir sé chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa é. Ó tharla go leagtar amach inti na rialacha faoina gceapfar ionadaithe dlíthiúla do na soláthraithe seirbhísí, fónfaidh an dréacht-treoir mar uirlis chun réiteach a fháil ar an mbaol atá ann nach é an cur chuige céanna a bheidh ag na Ballstáit i dtaca le fianaise in imeachtaí coiriúla.

2. Féachtar sa togra le héagsúlacht na gcur chuige náisiúnta a chomhchuibhiú, a n-áirítear leo faoi láthair: dlínse náisiúnta a fhorchur ar sholáthraí seirbhísí ar bhonn a shuímh, ar bhonn na háite a dtairgeann sé a chuid seirbhísí, nó ar bhonn na háite a bhfuil a chuid sonraí le fáil; dlínse an fhorfheidhmithe a leathnú (an seach-chríochachas); nó a iarraidh go n-ainmneofaí ionadaí speisialta sa Bhallstát sin i gcás soláthraithe áirithe seirbhísí.
3. Ba cheart don ionadaí dlíthiúil a bheith ina chónaí i gceann de na Ballstáit sin ina bhfuil an soláthraí seirbhísí féin bunaithe nó ina dtairgeann sé a chuid seirbhísí, sin nó a bheith bunaithe sa Bhallstát, agus níor cheart a bheith i gceist lena chuid oibleagáidí ach cinntí agus orduithe arna n-eisiúint ag údaráis inniúla an Bhallstáit a ghlacadh agus a chomhlíonadh, agus a bheith faoi réir nósanna imeachta forfheidhmithe.
4. Ar an 18 Deireadh Fómhair 2018, d'iarr an Chomhairle Eorpach¹ go n-aimseofaí réiteach chun rochtain mhear éifeachtúil trasteorann ar r-fhianaise a áirithiú d'fhonn an sceimhlitheoireacht agus coireacht thromchúiseach eagraithe eile a chomhrac go héifeachtach laistigh den Aontas agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Chuir sí i dtreis gur cheart teacht ar chomhaontú roimh dheireadh an reachtais reatha i dtaca leis na tograí ón gCoimisiún maidir le r-fhianaise.
5. I bParlaimint na hEorpa, ceapadh Birgit Sippel (LIBE, S&D) mar rapóirtéir ar an 24 Bealtaine 2018. Phléigh an Coiste LIBE an togra ar an 11 Meitheamh 2018 agus thionóil sé roinnt cruinnithe agus éisteachtaí ina dhiaidh sin, lena n-áirítear éisteacht phoiblí ar an 27 Samhain 2018. Níor leagadh síos aon amlíne maidir le glacadh na tuarascála.
6. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim ar an 12 Iúil 2018².

II. AN OBAIR LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE

7. Thíolaic an Coimisiún an togra sin chuig an Meitheal COPEN ar an 27 Aibreán 2018. Ansin, ag cruinniú de chuid na Meithle ar an 7–8 Bealtaine 2018, rinneadh scrúdú ar gach airteagal den dréacht-treoir agus malartaíodh tuairimí maidir leis an measúnú tionchair. Ar an iomlán, ghlac na toscaireachtaí go fonnmhar leis an measúnú tionchair agus leis an togra araon.

¹ EUCO 13/18, mír 9.

² 11533/18.

8. Is é is mó a pléadh na critéir roghnúcháin a mhol an Coimisiún lena n-ainmneodh an soláthraí seirbhísí ionadaí dlíthiúil san Aontas chun cinntí agus orduithe arna n-eisiúint ag údaráis inniúla na mBallstát a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú, mar aon le smachtbhannaí i gcás nach gcomhlíonfar oibleagáidí na Treorach.
9. Is faoi Uachtaránacht na Bulgáire, Uachtaránacht na hOstaire agus Uachtaránacht na Rómáine a rinne an Mheitheal scrúdú ar an togra. Sé cinn de chruinnithe a reáchtáladh as ar eascair trí leagan athbhreithnithe den Treoir atá beartaithe. Tá toradh an phlé sin, agus an t-ionchur scríofa a fuarthas ó na toscaireachtaí, mar aon le pé ábhar amhrais a bhí acu faoin téacs le feiceáil sa téacs réitigh athbhreithnithe ón Uachtaránacht, a ghabhann mar Iarscríbhinn leis seo. Rinneadh oiriúnú ar na haithrisí de léiriú ar na hathruithe a cuireadh ar na forálacha substainteacha. Léirítear na hathruithe uile i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún le **cló trom** (téacs nua) nó le [...] (téacs a scriosadh).
10. Tugadh na pléití i gcrích ar an 18 Feabhra 2019 d'fhonn an téacs comhréitigh, sa riocht ina leagtar amach san Iarscríbhinn é, a thíolacadh lena ghlacadh mar chur chuige ginearálta ag an gComhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) a thionólfar ar an 7 agus an 8 Márta 2019.

III. CONCLÚID

11. Léirítear sa téacs, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é, iarrachtaí na hUachtaránachta agus na mBallstát teacht ar chomhréiteach.
12. Ar an 27 Feabhra, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú faoi théacs comhréitigh na hUachtaránachta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo gan ach leasú teicniúil amháin air a mhol toscaireacht na Seicia.
13. Iarrtar ar an gComhairle, mar sin, teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs seo, a bheidh mar bhonn don chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo le Parlaimint na hEorpa faoi chuimsiú an ghnáthnós imeachta reachtaigh (Airteagal 294 CFAE).

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53 agus Airteagal 62 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa³,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) I bprionsabal, is féidir seirbhísí líonrabhunaithe a sholáthar as áit ar bith agus ní theastaíonn aon bhonneagar fisiciúil, aon láithreach chorparáideach, ná aon fhoireann sa tír ina dtairgtear na seirbhísí, ná go deimhin sa mhargadh inmheánach féin. Fágann sin gur doiligh cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais agus a bhfuil feidhm acu maidir leis na soláthraithe seirbhíse lena mbaineann, go háirithe an oibleagáid ordú nó cinneadh ó údarás breithiúnach a chomhlíonadh. Is amhlaidh a bhíonn sa dlí coiriúil go háirithe, áit a mbíonn deacrachtaí ag údaráis na mBallstát na cinntí a sheirbheáil agus a fhorfheidhmiú agus comhlíonadh na gcinntí sin a áirithiú, go háirithe i gcás ina soláthraítear na seirbhísí ábhartha as áit atá lasmuigh dá gcríoch féin.

³ IO C , , lch. .

- (2) Ós mar sin atá, ghlac na Ballstáit roinnt beart éagsúil ar mhaithe lena reachtaíocht féin a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí. Ar na bearta sin, tá bearta chun gur féidir leo fianaise leictreonach, is ábhartha maidir le himeachtaí coiriúla, a iarraidh ar na soláthraithe seirbhíse.
- (3) Chuige sin, tá roinnt de na Ballstáit tar éis reachtaíocht a ghlacadh, sin nó tá siad ar tí a glactha, a fhorchuirfidh ar thacar de na soláthraithe seirbhíse a thairgeann seirbhísí laistigh de chríoch na mBallstát sin ionadaíocht dhlíthiúil éigeantach a bheith acu ar an gcríoch réamhráite. Bíonn ceanglais den sórt sin ina mbacainn ar shaorsholáthar seirbhísí laistigh den mhargadh inmheánach.
- (4) Tá baol nach beag ann go bhféachfaidh Ballstáit eile le réiteach a fháil ar na heasnaimh atá ann cheana i dtaca le fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla trí oibleagáidí difriúla náisiúnta a fhorchur in éagmais cur chuige uile-Aontais. Is cinnte go gcruthóidh sé sin tuilleadh bacainní ar shaorsholáthar seirbhísí laistigh den mhargadh inmheánach.
- (5) Faoi mar atá faoi láthair, fágann an éiginnteacht dhlíthiúil a eascraíonn as sin a lorg féin ar lucht soláthair seirbhísí agus ar na húdaráis náisiúnta araon. Leagtar amach oibleagáidí nach ionann agus a d'fhéadfadh a bheith ag teacht salach ar a chéile do sholáthraithe seirbhíse atá bunaithe nó a thairgeann seirbhísí i mBallstáit dhifriúla, agus cuireann na Ballstáit sin na soláthraithe faoi réir córais dhifriúla smachtbhannaí i gcás ina dtarlaíonn sáruithe. Is dóigh go dtiocfaidh méadú eile ar an éagsúlacht sin sa chreat imeachtaí coiriúla i ngeall ar an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le seirbhísí cumarsáide agus seirbhísí na sochaí faisnéise ó lá go lá agus sa tsochaí. Ní hé amháin go bhfuil an méid sin ar fad ina bhacainn ar chuí-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, ach cruthaíonn sé fadhbanna maidir le bunú agus ceartfheidhmiú limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais freisin.

- (6) Chun ilroinnt den sórt sin a sheachaint agus chun a áirithiú go gcuirfear gnóthais atá gníomhach sa mhargadh inmheánach faoi réir na n-oibleagáidí céanna nó oibleagáidí comhchosúla, ghlac an tAontas roinnt gníomhartha dlí i réimsí gaolmhara amhail cosaint sonraí⁴. Chun cosaint mhéadaithe a thabhairt do na hábhair sonraí, foráiltear le rialacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí⁵ gurb amhlaidh, maidir le rialaitheoirí nó próiseálaithe nach bhfuil bunaithe san Aontas ach a thairgeann earraí nó seirbhísí do dhaoine san Aontas nó a dhéanann faireachán ar a n-iompraíocht i gcás ina ndéanfar an iompraíocht sin laistigh den Aontas, a ainmneoidh siad ionadaí dlíthiúil san Aontas, ach amháin i gcás ina mbeidh an phróiseáil ócáideach, nach n-áireofar léi próiseáil mhórsála ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta nó próiseáil ar shonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe agus cionta coiriúla, agus nach dóigh go mbeidh riosca ann do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha dá barr, agus aird á tabhairt ar chineál, comhthéacs, raon feidhme agus críocha na próiseála nó ar cé acu údarás nó comhlacht poiblí is rialaitheoir.
- (7) Trí rialacha comhchuibhithe a leagan amach maidir le hionadaíocht dhlíthiúil soláthraithe seirbhísí áirithe san Aontas chun cinntí arna n-eisiúint ag údarais inniúla sna Ballstáit a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú chun críocha fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla, ba cheart go gcuirfeadh sin deireadh leis na bacainní atá ann faoi láthair ar shaorsholáthar seirbhísí agus cosc ar aon chur chuige éagsúil náisiúnta a bheith á fhorchur ina leith sin amach anseo. Ba cheart cothrom na Féinne a bhunú do sholáthraithe seirbhísí. **Ní chuirfidh sin isteach ar pé oibleagáidí is infheidhme ar sholáthraithe seirbhísí de bhun reachtaíocht eile de chuid an Aontais.** Ina theannta sin, ba cheart forfheidhmiú níos éifeachtaí ar an dlí coiriúil a éascú sa limistéar coiteann saoirse, slándála agus ceartais.

⁴ [Treoir 95/46/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31); [Rialachán \(AE\) 2016/679](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1); [Treoir 2002/58/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonaí) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

⁵ [Rialachán \(AE\) 2016/679](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

(8) Ba cheart don ionadaí dlíthiúil atá i gceist fónamh mar sheolaí le haghaidh orduithe agus cinntí intíre agus le haghaidh orduithe agus cinntí de bhun ionstraimí dlí an Aontais [...] arna **gcuimsiú** faoi raon feidhme Theideal V de Chaibidil 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun fianaise a bhailiú in ábhair choiriúla, **lena n-áirítear i gcás ina ndéantar na horduithe agus cinntí sin a tharchur mar dheimhniú**. Air sin, áirítear ionstraimí lena fêidir orduithe a sheirbheáil go díreach trasna na teorann ar an soláthraí seirbhísí nó ar a ionadaí dlíthiúil, amhail an [an Rialachán maidir le horduithe Eorpacha chun fianaise a thabhairt ar aird agus orduithe caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla ("an Rialachán")⁶], agus ionstraimí eile [...] don chomhar breithiúnach is infheidhme idir na [...] **Ballstáit, go mór mór iad siúd a chuimsítear faoi raon feidhme** [...] Theideal V de Chaibidil 4, amhail an Treoir maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach⁷, agus an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach Dlí, 2000⁸. I gcás ina dtéitear i muinín an ionadaí dlíthiúil, is ceart sin a bheith i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach sna hionstraimí agus reachtaíocht is infheidhme i dtaca le himeachtaí breithiúnacha. I dtaca le húdaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil an té sin bunaithe, is ceart dóibh gníomhú i gcomhréir leis an ról a leagtar amach dóibh san ionstraim ábhartha i gcás ina mbeidh, nó ar dócha go mbeidh, lámh ag an té sin sa scéal.

⁶ **Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le horduithe Eorpacha chun fianaise a thabhairt ar aird agus orduithe caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla**

⁷ **Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach a úsáid in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).**

⁸ **Gníomh ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 lena mbunaítear, i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, IO C 197, 12.7.2000, lch. 1, agus a Phrótacal, IO C 326, 21.11.2001, lch. 2.**

- (9) Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag an oibleagáid atá **ar sholáthraithe seirbhísí ionadaí dlíthiúil a ainmniú [...] faoin [6 mhí ó spriocdháta trasuí na Treorach seo]** nó ón uair a thosaíonn soláthraithe seirbhíse ag tairiscint seirbhísí san Aontas i gcás na soláthraithe seirbhíse sin a thosóidh ag tairiscint seirbhísí tráth is déanaí ná **[6 mhí ó [...]] spriocdháta trasuí na Treorach seo**.
- (10) An oibleagáid faoi nach mór ionadaí dlíthiúil a ainmniú, ba cheart feidhm a bheith aici maidir le soláthraithe seirbhísí a thairgeann seirbhísí san Aontas, is é sin le rá, i mBallstát amháin nó níos mó. Maidir le cásanna ina mbíonn soláthraí seirbhísí bunaithe ar chríoch Ballstáit agus ina dtairgeann sé seirbhísí ar chríoch an Bhallstáit sin agus ar an gcríoch sin amháin, níor cheart a leithéid de chás a chumhdach faoin Treoir seo.
- (11) In ainneoin go n-ainmnítear ionadaí dlíthiúil, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann leanúint dá dteagmháil le soláthraithe seirbhísí atá bunaithe ar a gcríoch, i gcásanna intíre amháin nó i gcás iarraidh ar chúnamh faoi ionstraimí dlí a bhaineann le cúnaimh dlíthiúil frithpháirteach nó le haitheantas frithpháirteach in ábhair choiriúla. **Ar an gcuma chéanna, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann leanúint dá dteagmháil leis na Ballstáit sin ina bhfuil soláthraithe seirbhísí bunaithe de bhíthin ionstraimí arna gcumhdach faoi raon Theideal V de Chaibidil 4, amhail an Treoir maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach, agus an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach Dlí, 2000.**
- (12) Agus cinneadh á dhéanamh maidir le cibé acu a thairgeann nó nach dtairgeann soláthraí seirbhísí seirbhísí san Aontas, ní mór measúnú a dhéanamh ar cibé acu a chumasaíonn nó nach gcumasaíonn an soláthraí seirbhísí do dhaoine dlítheanacha nó nádúrtha san Aontas a chuid seirbhísí a úsáid. Níor cheart, áfach, gur leor inrochtaineacht comhéadain ar líne (mar shampla, inrochtaineacht shuíomh gréasáin an tsoláthraí seirbhísí, inrochtaineacht suímh gréasáin idirghabhálaí nó inrochtaineacht seolta ríomhphoist nó sonraí teagmhála eile) mar choinníoll chun an Treoir seo a chur i bhfeidhm.

(13) Ba cheart nasc suntasach leis an Aontas a bheith ábhartha freisin maidir le raon chur i bhfeidhm na Treorach seo a chinneadh. Ba cheart a mheas gurb ann do nasc suntasach leis an Aontas i gcás ina mbeidh bunaíocht san Aontas ag an soláthraí seirbhísí. In éagmais bunaíocht den sórt sin, ba cheart an critéar le haghaidh nasc substaintiúil a [...] **bhunú ar chritéir shonracha fhíriciúla amhail** líon suntasach úsáideoirí i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit, nó ar an mbonn go bhfuil gníomhaíochtaí á ndíriú ar Bhallstát amháin nó níos mó. Is féidir an díriú gníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó a chinneadh ar bhonn na n-imthosca ábhartha uile, lena n-áirítear tosca amhail úsáid teanga nó airgeadra a úsáidtear de ghnáth sa Bhallstát lena mbaineann, nó an fhéidearthacht earraí nó seirbhísí a ordú sa Bhallstát sin. D'fhéadfaí an díriú gníomhaíochtaí ar Bhallstát a chinneadh freisin bunaithe ar an bhfáil atá ar aip san aipmhargadh náisiúnta lena mbaineann, ar fhógraíocht áitiúil a bheith á déanamh nó ar fhógraíocht a bheith á déanamh sa teanga a úsáidtear sa Bhallstát lena mbaineann, nó ar láimhseáil an chaidrimh le custaiméirí, amhail trí sheirbhís do chustaiméirí a sholáthar sa teanga a úsáidtear de ghnáth sa Bhallstát lena mbaineann. Glactar leis freisin gurb ann do nasc suntasach i gcás ina ndíreoidh soláthraí seirbhísí a ghníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó mar a leagtar amach in Airteagal 17(1)(c) de Rialachán Uimh. 1215/2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála. Os a choinne sin, ní féidir a mheas go bhfuiltear ag treorú ná ag díriú gníomhaíochtaí ar chríoch ar leith laistigh den Aontas i gcás ina soláthrófar seirbhís chun críche an toirmeasc ar an idirdhealú a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/302⁹ a chomhlíonadh agus chun na críche sin amháin. Ba cheart feidhm a bheith ag na tosca céanna chun a chinneadh cé acu a thairgeann nó nach dtairgeann soláthraí seirbhísí seirbhísí i gceann de na Ballstáit.

⁹ [Rialachán \(AE\) 2018/302](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar gheobhlocáil nach bhfuil údar léi agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE (IO L 601, 2.3.2018, lch. 1).

(14) Soláthraithe seirbhíse a bhfuil oibleagáid orthu ionadaí dlíthiúil a ainmniú, ba cheart dóibh a bheith in ann bunaíocht atá ann cheana i mBallstát a roghnú chuige sin, bíodh an bhunaíocht sin ina comhlacht corparáideach nó ina brainse, ina gníomhaireacht, ina hoifig, ina ceannáras nó ina ceanncheathrú, agus ba cheart dóibh a bheith in ann níos mó ná ionadaí dlíthiúil amháin a ainmniú. **Is ceadmhach freisin gur tríú páirtí a bheadh san ionadaí dlíthiúil sin, arna chomhroinnt idir níos mó ná soláthraí amháin seirbhíse, go háirithe gnólachtaí beaga agus meánmhéide.** Ach níor cheart ceangal a chur ar ghrúpa corparáideach ionadaithe iomadúla a ainmniú, is é sin, ionadaí amháin do gach gnóthas de chuid an ghrúpa, **ach cead acu ionadaí dlíthiúil amháin a ainmniú don ghrúpa go léir.** Tá feidhm ag ionstraimí difriúla arna [...] **gcuimsiú** faoi raon feidhme Theideal V de Chaibidil 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcaidreamh idir na Ballstáit le linn fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla. Fágann "an gheoiméadracht athraitheach" sin a bhíonn i limistéar coiteann an dlí choiriúil nach mór a áirithiú nach gcruthófar de bharr na Treorach seo tuilleadh neamhréireachtaí agus bacainní a bhaineann le soláthar seirbhíse sa mhargadh inmheánach trí ligean do sholáthraithe seirbhíse a thairgeann seirbhíse ar a gcríoch ionadaithe dlíthiúla a ainmniú i mBallstáit nach bhfuil rannpháirteach sna hionstraimí dlí ábhartha, rud a d'fhágfadh nach mbeifí in ann dul i ngleic leis an bhfadhb atá i gceist anseo. Dá bhrí sin, ba cheart ionadaí amháin, ar a laghad, a ainmniú i mBallstát atá rannpháirteach sna hionstraimí dlí ábhartha de chuid an Aontais chun nach lagófar éifeachtacht an ainmniúcháin dá bhforáiltear sa Treoir seo, agus chun leas a bhaint as na sineirgíochtaí a bhaineann le hionadaí dlíthiúil a bheith ann chun cinntí agus orduithe arna n-eisiúint chun críocha fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear faoin [Rialachán], faoin **Treoir maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach** nó faoin gCoinbhinsiún um Chúnadh Frithpháirteach Dlí, 2000, na cinntí agus orduithe sin a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú. Ina theannta sin, trí ionadaí dlíthiúil a ainmniú, a d'fhéadfaí a úsáid chun comhlíonadh oibleagáidí dlíthiúla náisiúnta a áirithiú, baintear leas as na sineirgíochtaí a bhaineann le pointe soiléir rochtana a bheith ann chun dul i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse chun críche fianaise a bhailiú in ábhair choiriúla.

- (15) Ba cheart an tsaoirse a bheith ag soláthraithe seirbhíse a roghnú maidir leis an mBallstát ina n-ainmneoidh siad a n-ionadaí dlíthiúil agus ní fhéadfaidh na Ballstáit an tsaor-rogha sin a shrianadh, e.g. trí oibleagáid a fhorchur an t-ionadaí dlíthiúil a ainmniú ar a geríoch. Mar sin féin, tá sa Treoir freisin srianta áirithe a bhaineann leis an tsaor-rogha sin atá ag soláthraithe seirbhísí, go háirithe gur cheart don ionadaí dlíthiúil a bheith bunaithe i mBallstát ina soláthraíonn an soláthraí seirbhísí seirbhísí nó ina bhfuil an soláthraí seirbhíse bunaithe, mar aon leis an oibleagáid faoi nach mór ionadaí dlíthiúil a ainmniú i gceann amháin de na Ballstáit atá rannpháirteach in ionstraimí comhair bhreithiúnaigh [...] **a chuimsítear faoi Theideal V den Chonradh. I gcás nach ndéantar ach ionadaí dlíthiúil a ainmniú, níor cheart a mheas gurb ionann sin agus gníomh de chuid an tsoláthraí seirbhísí.**
- (16) Is iad na soláthraithe seirbhíse is ábhartha maidir le fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus soláthraithe sonracha sheirbhísí na sochaí faisnéise lena n-éascaítear idirghníomhaíocht idir úsáideoirí. Dá bhrí sin, ba cheart an dá ghrúpa sin a chumhdach leis an Treoir seo. Sainítear soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí sa togra le haghaidh Treoir lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach. Áirítear leo cumarsáidí idirphearsanta amhail prótacal idirlín guthaithe, teachtaireachtaí meandracha agus seirbhísí ríomhphoist. **Ba cheart an Treoir seo a bheith infheidhme freisin i dtaca le [...] soláthraithe eile [...] de chuid na sochaí faisnéise de réir bhrí Threoir (AE) 2015/1535 nach [...] bhfuil incháilithe mar sholáthraithe [...] seirbhíse cumarsáide leictreonaí ach a thugann deis dá n-úsáideoirí cumarsáid a dhéanamh le chéile nó seirbhísí is féidir a úsáid chun sonraí a phróiseáil nó a stóráil ar a son. Ba cheart dó seo a bheith i gcomhréir leis na téarmaí a úsáidtear i gCoinbhinsiún Bhúdaipeist maidir leis an gcibearchoireacht. Sa chiall theicniúil is ceart próiseáil sonraí a thuiscint, is é sin cruthú nó athrú sonraí, i.e. oibríochtaí teicniúla chun sonraí a thabhairt ar aird nó a athrú trí bhíthin cumhacht próiseála ríomhaire.**

Is iad na catagóirí soláthraithe seirbhíse a áirítear anseo, mar shampla, margaí ar líne [...] lena gcuirtear ar chumas custaiméirí [...] agus gnólachtaí cumarsáid a dhéanamh le chéile agus le seirbhísí óstála eile, lena n-áirítear seirbhís atá á cur ar fáil le néalríomhaireacht, chomh maith le hardáin chluichíochta ar líne agus ardáin chearrbhachais ar líne. Mura gcuireann soláthraí seirbhísí de chuid na sochaí faisnéise ar a gcumas siúd a úsáideann a chuid seirbhísí cumarsáid a dhéanamh le chéile, ach gur leis an soláthraí seirbhísí amháin a fhéadfaidh siad cumarsáid a dhéanamh, nó i gcás nach gcuireann sé deis ar fáil chun sonraí a stóráil nó a phróiseáil, nó i gcás nach cuid bhunriachtanach den tseirbhís a sholáthraítear d'úsáideoirí an deis sin, amhail seirbhísí dlí, ailtireachta, innealtóireachta agus cuntasáíochta arna gcur ar fáil go cianda, ní thiocfadh an tseirbhís faoi raon feidhme an tsainmhínithe, fiú i gcás ina gcuimseofaí í sa sainmhíniú ar sheirbhísí na sochaí faisnéise de bhun Threoir (AE) 2015/1535. [...]

- (17) Soláthraithe seirbhísí bonneagair idirlín a bhaineann le hainmneacha agus uimhreacha a shannadh, amhail cláráitheoirí agus clárlanna ainmneacha fearainn agus soláthraithe seirbhísí príobháideachta agus seachfhreastalaithe nó clárlanna réigiúnacha idirlín le haghaidh seoltaí prótacail idirlín (IP), tá siad ábhartha go háirithe maidir le sainathint a dhéanamh ar na gníomhaithe atá taobh thiar de shuíomhanna gréasáin atá mailíseach nó i mbaol. Tá sonraí ina seilbh acu atá ábhartha go háirithe d'imscrúduithe coiriúla mar gur féidir na sonraí sin a úsáid chun sainathint a dhéanamh ar dhuine aonair nó ar eintiteas atá taobh thiar de shuíomh gréasáin a úsáideadh i ngníomhaíocht choiriúil, nó chun sainathint a dhéanamh ar íospartach gníomhaíochta coiriúla i gcás ina nglacfaidh coirpigh seilbh ar shuíomh gréasáin atá i mbaol.

- (18) Ba cheart don ionadaí dlíthiúil a bheith in ann cinntí agus orduithe arna seoladh ag údaráis na mBallstát chuige a chomhlíonadh thar ceann an tsoláthraí seirbhísí agus ba cheart don soláthraí seirbhísí na bearta iomchuí a dhéanamh chun an méid sin a áirithiú, lena n-áirítear trí acmhainní agus cumhachtaí leordhóthanacha a chur ar fáil. Níor cheart an easpa beart den sórt sin nó laigí na mbeart sin a úsáid mar fhoras le húdar a thabhairt le neamhchomhlíonadh cinntí nó orduithe a thagann faoi raon chur i bhfeidhm na Treorach seo, ar thaobh an tsoláthraí seirbhísí ná ar thaobh ionadaí dlíthiúil an tsoláthraí seirbhísí. **Níor cheart do sholáthraithe a bheith in ann ach oiread iad féin a shaoradh ó mhilleán de bharr nós imeachta inmheánach a bheith ar iarraidh nó neamhéifeachtach ós rud é go bhfuil siad freagrach as na hacmhainní agus na cumhachtaí a sholáthar a theastaíonn chun comhlíonadh orduithe agus cinntí náisiúnta a áirithiú. Níor cheart don ionadaí dlíthiúil a bheith in ann ach oiread é féin a shaoradh ó mhilleán trína mhaíomh, mar shampla, nach bhfuil sé de chumhacht aige sonraí a sholáthar. Is ceart an tsaoirse a fhágáil ag an soláthraí seirbhísí gona ionadaí dlíthiúil / ionadaithe dlíthiúla leithdháileadh a dhéanamh ina measc féin ar shainithint agus rochtain na fianaise a iarrfar, ach pé cinntí agus orduithe a chuirfear faoina mbráid a bheith comhlíonta acu.**
- (19) Ba cheart do sholáthraithe seirbhíse fógra a thabhairt don Bhallstát ina gcónaíonn an t-ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe faoi aitheantas agus sonraí teagmhála a n-ionadaí dhlíthiúil agus faoi aon athruithe gaolmhara faisnéise. Ba cheart faisnéis a thabhairt san fhógra freisin faoi na teangacha inar féidir dul i dteagmháil leis an ionadaí dlíthiúil: ba cheart ceann amháin [...] **nó níos mó** de theangacha oifigiúla an Bhallstáit, **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta**, ina gcónaíonn an t-ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe a bheith ina measc, ach d'fhéadfadh teangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais, amhail teanga na ceanncheathrún, a bheith ina measc freisin.

Nuair a ainmneoidh an soláthraí seirbhísí níos mó ná ionadaí dlíthiúil amháin, féadfaidh sé fógra a thabhairt freisin faoi thosca chun an t-ionadaí sin ar ceart dul i dteagmháil leis a chinneadh. Ba cheart cloí leis na tosca sin [...] ach [...] **i gcás inar gá, dar leis na húdaráis inniúla, imeacht ó na tosca sin de réir mar a fheileann don chás [...] e.g. i gcás nach mbíonn fáil ar an ionadaí dlíthiúil nó nach gcomhoibreoidh sé. I gcás ina n-imíonn na húdaráis inniúla go heisceachtúil ó na tosca sin, níor cheart dóibh ach aghaidh a thabhairt ar ionadaí dlíthiúil atá bunaithe i gceann de na Ballstáit sin a ghéilleann don ionstraim a bheidh i gceist.** [...] ba cheart [...] do na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha is ábhartha dá dtír féin a fhoilsiú **agus a choinneáil cothrom le dáta ar leathanach tiomnaithe idirlín** [...] de chuid an **Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh in ábhair choiriúla** ar mhaithe leis an gcomhordú a éascú idir na Ballstáit agus cabhrú leis na húdaráis ó Bhallstát eile an t-ionadaí dlíthiúil a úsáid. **Féadfar freisin na sonraí sin a scaipeadh a thuilleadh ar mhaithe le rochtain na n-údarás inniúil ar na sonraí sin a éascú, trí shuíomhanna tiomnaithe inlín nó trí fhóraithe agus ardáin.**

(20) Ba cheart an soláthraí seirbhísí a bheith faoi réir smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha, athchomhairleacha i gcás ina sáraíonn sé a chuid [...] oibleagáidí ionadaí dlíthiúil a ainmniú, na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá a thabhairt don ionadaí dlíthiúil chun cinntí agus orduithe a chomhlíonadh, na nósanna imeachta iomchuí a bhunú agus scéala a thabhairt [...] faoin bhfaisnéis a bhaineann leis sin [...]. Ba cheart an soláthraí seirbhísí agus an t-ionadaí dlíthiúil a bheith faoi réir smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha, athchomhairleacha i gcás ina ndéanann an t-ionadaí dlíthiúil sárú córasach ar an oibleagáid faoi nach mór comhoibriú leis na húdaráis inniúla ach a gcuirtear cinntí agus orduithe faoina mbráid. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir an t-ionadaí dlíthiúil ainmnithe agus an soláthraí seirbhísí araon a chur faoi chomhdhliteanas agus faoi dhliteanas aonair i gcás nach gcomhlíonann siad oibleagáidí de chuid an chreata dhlíthiúil is infheidhme ach a gcuirtear cinntí agus orduithe faoina mbráid. Ciallaíonn comhdhliteanas agus dliteanas aonair gur féidir smachtbhannaí a fhorchur ar an ionadaí dlíthiúil nó ar an soláthraí seirbhísí i gcás nach gcomhlíonann an t-ionadaí dlíthiúil nó go deimhin an soláthraí seirbhísí oibleagáidí na Treorach seo. Níor cheart feidhm a bheith ag comhdhliteanas ná ag dliteanas aonair i dtaca le gníomhaíochtaí nó neamhghníomhaíochtaí de chuid an tsoláthraí seirbhísí nó an ionadaí dhlíthiúil ar cionta coiriúla iad faoi dhlí Bhallstát forchurtha na smachtbhannaí. Níor cheart toirmeasc buan ná sealadach ar sholáthar seirbhíse a bheith ar cheann de na smachtbhannaí sin i gcás ar bith. Ba cheart do na Ballstáit a mbeart forfheidhmiúcháin a chomhordú i gcás ina dtairgfídh soláthraí seirbhísí seirbhísí i roinnt Ballstát. Ba cheart do na húdaráis lárnacha comhar a dhéanamh le chéile chun a áirithiú go mbeidh ann cur chuige comhleanúnach comhréireach [...]. D'fhéadfadh an Coimisiún comhordú den sórt sin a éascú, dá mba ghá, ach ba ghá fógra a thabhairt dó faoi chásanna sáraithe. Maidir le hiarmhairtí airgeadais na smachtbhannaí a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhíse agus ionadaithe dlíthiúla, ní rialaítear leis an Treoir seo na socruithe conarthacha le haghaidh aistriú na n-iarmhairtí sin eatarthu.

- (20a) **Agus pé smachtbhanna is iomchuí agus is comhréireach don chás á chinneadh acu, ba cheart do na húdaráis inniúla acmhainn airgeadais an tsoláthraí seirbhísí a thabhairt san áireamh.**
- (21) Tá an Treoir seo gan dochar do na cumhachtaí imscrúdaitheacha atá ag údaráis in imeachtaí sibhialta nó riaracháin, lena n-áirítear i gcás ina bhféadfadh imeachtaí den sórt sin a bheith ina siocair le smachtbhannaí.
- (22) Chun a áirithiú go gcuirfear an Treoir i bhfeidhm go comhsheasmhach, ba cheart sásraí breise a chur i bhfeidhm don chomhordú idir na Ballstáit. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit údarás lárnach a ainmniú ar féidir leis faisnéis agus cúnamh a thabhairt do na húdaráis lárnacha sna Ballstáit eile maidir le cur i bhfeidhm na Treorach, go háirithe i gcás ina mbeifí ag smaoineamh ar bhearta forfheidhmiúcháin a ghlacadh de bhun na Treorach. Leis an sásra comhordúcháin sin, ba cheart a áirithiú go dtabharfar fógra do na Ballstáit ábhartha faoin rún atá ag Ballstát beart forfheidhmiúcháin a dhéanamh. Ina theannta sin, áiritheoidh na Ballstáit gur féidir leis na húdaráis lárnacha **pé faisnéis is ábhartha** a thabhairt dá chéile sna himthosca sin, agus obair i gcomhar le chéile i gcás inarb ábhartha. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist le comhar idir na húdaráis lárnacha i gcás beart forfheidhmiúcháin go ndéanfadh údaráis inniúla i mBallstáit dhifriúla comhordú ar an mbeart forfheidhmiúcháin sin. **Ba cheart a bheith mar aidhm ag an mbeart sin coinbhleachtaí inniúlachta, idir dhearfach is diúltach, a sheachaint.** Agus beart forfheidhmiúcháin á chomhordú, **ba cheart do [...]** na húdaráis lárnacha ról a thabhairt don Choimisiún freisin i gcás inarb ábhartha. Ní dhéanann **oibleagáid chomhoibriúcháin na n-údarás sin [...]** aon dochar don cheart atá ag Ballstát aonair smachtbhannaí a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí faoin Treoir. Trí údaráis lárnacha a ainmniú agus faisnéis a fhoilsiú fúthu, beidh sé níos éasca ar sholáthraithe seirbhíse fógra a thabhairt faoi ainmniú agus sonraí teagmhála a n-ionadaí dhlíthiúil don Bhallstát ina gcónaíonn an t-ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe.

- (23) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon deireadh a chur le bacainní ar shaorsholáthar seirbhísí faoi chuimsiú fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr gur seirbhísí gan teorainneacha iad na seirbhísí sin, agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (24) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ gur thug tuairim ar an (...) ¹¹,
- (25) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir seo ar bhonn na gcúig critéar seo: éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach don Aontas, agus ba cheart an mheastóireacht sin a úsáid mar bhonn do mheasúnuithe tionchair ar aon bhearta a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo. Ba cheart an mheastóireacht a chur i gcrích 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach ionas gur féidir sonraí leordhóthanacha a bhailiú faoina cur chun feidhme praiticiúil. Ba cheart faisnéis a bhailiú go rialta agus chun bonn eolais a chur faoin meastóireacht ar an Treoir seo.

¹⁰ [Rialachán \(CE\) Uimh. 45/2001](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

¹¹ IO C , , lch. .

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar síos leis an Treoir seo rialacha maidir leis an ionadaíocht dhlíthiúil san Aontas do sholáthraithe seirbhíse áirithe chun cinntí agus orduithe arna n-eisiúint ag údaráis inniúla na mBallstát a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú chun críocha fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla.
2. Ní [...] **dhéanfaidh** na Ballstáit oibleagáidí a fhorchur, de bhreis orthu sin a eascraíonn as an Treoir seo, ar sholáthraithe seirbhíse a chumhdaítear leis an Treoir seo chun na gcríoch a leagtar amach i mír 1.
3. Tá an Treoir seo gan dochar do na cumhachtaí a thugtar do na húdaráis náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta chun dul i dteagmháil **go díreach** le soláthraithe seirbhíse atá bunaithe ar a gcríoch chun na gcríoch dá dtagraítear [...] i mír 1.
4. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na soláthraithe seirbhíse a shainítear in Airteagal 2(2) agus a thairgeann seirbhísí san Aontas. Ní bheidh feidhm aici i gcás ina mbeidh na soláthraithe seirbhíse sin bunaithe i gcríoch an aon Bhallstáit amháin agus ina dtairgfídh siad seirbhísí i gcríoch an Bhallstáit sin agus sa chríoch sin amháin.

Airteagal 2
Sainmhínte

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn "ionadaí dlíthiúil" duine dlítheanach nó nádúrtha arna ainmniú i scríbhinn ag soláthraí seirbhísí chun críche Airteagal 1(1) agus Airteagal 3(1), 3(2) agus 3(3);
- (2) ciallaíonn "soláthraí seirbhísí" aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann ceann amháin nó níos mó de na seirbhísí seo a leanas ar fáil, **cé is moite de na seirbhísí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(b) de Threoir 2006/123/CE:**
 - (a) seirbhís cumarsáide leictreonaí mar a shainítear in Airteagal 2(4) den [...] Treoir (AE) 2018/1972 lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach¹² [...];
 - (b) **seirbhísí ainmneacha fearainn idirlín agus seirbhísí uimhrithe IP amhail soláthraithe seoltaí IP, clárlanna ainmneacha fearainn, cláraitheoirí ainmneacha fearainn agus seirbhísí gaolmhara príobháideachta agus seachfhreastalaithe;**
 - (c) seirbhísí **eile** de chuid na sochaí faisnéise seirbhís mar a shainítear iad i bpointe (b) d'Airteagal 1(1) de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³ **lena ndéantar foráil don mhéid seo a leanas:**
 - **cumas na n-úsáideoirí cumarsáid a dhéanamh le chéile; nó**
 - **sonraí a phróiseáil nó a stóráil ar a son siúd dá gcuirtear an tseirbhís ar fáil [...];**

¹² **Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).**

¹³ [Treoir \(AE\) 2015/1535](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).

- (d) [...]
- (3) ciallaíonn "a thairgeann seirbhísí i mBallstát":
- (a) daoine dlítheanacha nó nádúrtha i mBallstát a chumasú na seirbhísí dá dtagraítear i bpointe (2) a úsáid; agus
- (b) nasc substaintiúil a bheith ann **atá bunaithe ar na critéir shonracha fhíriciúla** leis an mBallstát dá dtagraítear i bpointe (a);
- (4) ciallaíonn "bunaíocht" **nó "a bheith bunaithe"** [...] a bheith ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch iarbhír ar feadh tréimhse neamhshonrach trí bhonneagar seasmhach óna ndéantar an gnó a bhaineann le seirbhísí a sholáthar a reáchtáil nó [...] a bhainistiú;
- (5) ciallaíonn "grúpa" grúpa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(15) de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴.

Airteagal 3

Ionadaí dlíthiúil

1. Áiritheoidh na Ballstáit ina bhfuil soláthraí seirbhísí a thairgeann seirbhísí san Aontas bunaithe go ndéanfaidh an soláthraí seirbhísí ionadaí dlíthiúil amháin, ar a laghad, san Aontas a ainmniú chun cinntí agus orduithe arna n-eisiúint ag údaráis inniúla na mBallstát a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú chun críocha fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla. Beidh cónaí air an t-ionadaí dlíthiúil nó beidh sé bunaithe i gceann amháin de na Ballstáit ina bhfuil an soláthraí seirbhísí bunaithe nó ina dtairgeann sé seirbhísí.

¹⁴ [Treoir \(AE\) 2015/849](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

2. I gcás nach bhfuil soláthraí seirbhísí bunaithe san Aontas, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an soláthraí seirbhísí sin a thairgeann seirbhísí ar a gcríoch ionadaí dlíthiúil amháin, ar a laghad, san Aontas a ainmniú chun cinntí agus orduithe arna n-eisiúint ag údaráis inniúla na mBallstát a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú chun críocha fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla. Beidh cónaí ar an ionadaí dlíthiúil nó beidh sé bunaithe i gceann amháin de na Ballstáit ina dtairgeann an soláthraí seirbhísí seirbhísí.
3. Maidir le cinntí agus orduithe arna n-eisiúint ag údaráis inniúla na mBallstát a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú faoi ionstraimí dlí an Aontais arna [...] **gcuimsiú** faoi raon feidhme Theideal V de Chaibidil 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun críocha fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla, áiritheoidh na Ballstáit atá rannpháirteach sna hionstraimí dlí sin go ndéanfaidh soláthraithe seirbhíse a thairgeann seirbhísí ar a gcríoch ionadaí amháin ar a laghad a ainmniú i gceann amháin díobh. Beidh cónaí ar an ionadaí dlíthiúil nó beidh sé bunaithe i gceann amháin de na Ballstáit ina dtairgeann an soláthraí seirbhísí.
4. **Féadfaidh** [...] soláthraithe seirbhísí ionadaithe breise dlíthiúla a ainmniú [...] i mBallstáit eile [...] **ina bhfuil** an soláthraí **bunaithe** nó ina dtairgeann sé a chuid seirbhísí. Beidh cead ag soláthraithe seirbhíse [...] ionadaí dlíthiúil amháin a ainmniú i dteannta a chéile.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na cinntí agus na horduithe arna n-eisiúint ag [...] na húdaráis inniúla chun fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla, go ndéanfar iad a sheoladh chuig an ionadaí dlíthiúil ar ainmnigh an soláthraí seirbhísí é chun na críche sin. Leagfar de chúram ar an ionadaí **dlíthiúil** sin na cinntí agus orduithe sin a fháil [...] **agus** a chomhlíonadh [...] thar ceann an tsoláthraí seirbhísí, **agus is féidir é a chur faoi réir bearta forfheidhmiúcháin.**

6. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh soláthraithe seirbhíse atá bunaithe nó a thairgeann seirbhísí ar a gcríoch na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá a sholáthar dá n-ionadaí dlíthiúil chun [...] cinntí agus orduithe **arna bhfáil ó aon Bhallstát** a chomhlíonadh.
- 7.¹⁵ [...] Déanfaidh **an** Ballstát **ina bhfuil** [...] na hionadaithe dlíthiúla ina gcónaí nó bunaithe [...] **a dheimhniú go bhfuair na hionadaithe dlíthiúla réamhráite ó na soláthraithe seirbhísí na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá chun cinntí agus orduithe arna bhfáil ó aon Bhallstát a chomhlíonadh agus go bhfuil siad ag** comhoibriú [...] leis na húdaráis inniúla ach a gcuirtear na cinntí agus orduithe sin faoina mbráid, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme.
8. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir an t-ionadaí dlíthiúil ainmnithe agus an soláthraí seirbhísí **araon** a chur **faoi chomhdhliteanas agus faoi dliteanas aonair** i gcás nach gcomhlíonann siad oibleagáidí de chuid an chreata dhlíthiúil is infheidhme ach a gcuirtear cinntí agus orduithe faoina mbráid, [...] **ionas gur féidir dá bharr sin smachtbhannaí a fhorchur ar gach aon pháirtí – an t-ionadaí dlíthiúil agus an soláthraí seirbhísí – i gcás nach gcomhlíonann siad cinneadh nó ordú.** Go háirithe, ní féidir **d'aon pháirtí den dá pháirtí** an easpa nósanna imeachta inmheánacha iomchuí atá ann idir an soláthraí seirbhísí agus na hionadaithe dlíthiúla a úsáid chun údar a thabhairt le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí sin. **Ní bheidh feidhm ag comhdhliteanas ná ag dliteanas aonair i dtaca le gníomhaíochtaí nó neamhghníomhaíochtaí de chuid an tsoláthraí seirbhísí nó an ionadaí dhlíthiúil ar cionta coiriúla iad i mBallstát forchurtha na smachtbhannaí.**
9. Áiritheoidh na Ballstáit **go gcomhlíonfar** an oibleagáid atá ann ionadaí dlíthiúil [...] a ainmniú, **tráth nach déanaí ná [6 mhí** ón dáta trasuí a leagtar amach in Airteagal 7] i gcás soláthraithe seirbhíse a thairgeann seirbhísí san Aontas ar an dáta sin, nó ón uair a thosaíonn soláthraithe seirbhíse ag tairiscint seirbhísí san Aontas i gcás na soláthraithe seirbhíse sin a thosóidh ag tairiscint seirbhísí tar éis [...] **an dáta sin.**

¹⁵ **Rinneadh mír 6 agus mír 7 den Airteagal seo ó thogra an Choimisiúin a mhalartú.**

Airteagal 4

Fógraí agus teangacha

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gach soláthraí seirbhísí atá bunaithe nó a thairgeann seirbhísí ar a gcríoch, ar ainmniú a n-ionadaí dhlíthiúil dóibh i gcomhréir le hAirteagal 3(1), (2), [...] (3) **agus (4)**, fógra i scríbhinn a thabhairt d'údarás lárnach an Bhallstáit ina gcónaíonn a n-ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe faoi ainm agus sonraí teagmhála a n-ionadaí dhlíthiúil agus faoi aon athruithe ina leith.
2. Sonrófar san fhógra an teanga oifigiúil nó na teangacha oifigiúla de chuid an Aontais, dá dtagraítear i Rialachán 1/58, inar féidir dul i dteagmháil leis an ionadaí dlíthiúil. Orthu sin, beidh [...] ceann amháin **nó níos mó** de theangacha oifigiúla an Bhallstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ina bhfuil an t-ionadaí dlíthiúil ina chónaí nó bunaithe.
3. I gcás ina n-ainmneoidh soláthraí seirbhísí roinnt ionadaithe, sonrófar san fhógra an teanga oifigiúil nó na teangacha oifigiúla de chuid an Aontais nó na mBallstát a chumhdaíonn gach duine díobh [...] **agus** aon tosca eile is ábhartha chun pé ionadaí dlíthiúil is iomchuí dul i dteagmháil leis a chinneadh. [...] Féadfaidh na húdaráis **inniúla** imeacht ó na tosca sin **de réir mar a fheileann don chás; i gcás inar gá, áiritheoidh na Ballstáit i gcásanna den sórt sin nach mór don ionadaí dlíthiúil ar faoina bhráid a chuirfear na horduithe agus cinntí sin iad a chomhlíonadh.**
4. [...] Áiritheoidh na Ballstáit **go ndéanfar** [...] an fhaisnéis a thabharfar ar aird dóibh i gcomhréir leis an Airteagal seo a chur ar fáil don phobal [...] [...] ar leathanach tiomnaithe **idirlín [...] de chuid an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh in ábhair choiriúla. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar nuashonrú rialta ar an bhfaisnéis sin. Féadfar an fhaisnéis sin a scaipeadh a thuilleadh d'fhonn gur fusaide rochtain na n-údarás inniúil uirthi.**

Airteagal 5
Smachtbhannaí

1. Déanfaidh na Ballstáit rialacha a bhaineann leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe ar bhearta náisiúnta arna nglacadh de bhun **Airteagal 3 agus Airteagal 4** [...] a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na smachtbhannaí dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha agus na bearta sin faoin dáta a leagtar amach in Airteagal 7 agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún ar bhonn bliantúil faoi sholáthraithe seirbhíse neamhchomhlíontacha agus faoin mbeart forfheidhmiúcháin ábhartha a rinneadh ina n-aghaidh.

Airteagal 6
[...] Na húdaráis lárnacha

1. **I gcomhréir lena gcóras dlíthiúil féin**, ainmneoidh na Ballstáit [...] **údarás** lárnach **amháin nó níos mó** [...] chun cur chun feidhme comhleanúnach agus comhréireach na Treorach seo a áirithiú.
2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoina n-údarás lárnach ainmnithe nó faoina n-údaráis lárnacha ainmnithe dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh an Coimisiún liosta de na húdaráis lárnacha ainmnithe ar aghaidh chuig na Ballstáit. Cuirfidh an Coimisiún ar fáil don phobal freisin, liosta de na húdaráis lárnacha ainmnithe chun na fógraí a thugann soláthraí seirbhísí do na Ballstáit ina gcónaíonn an t-ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe a éascú.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a gcuid údarás lárnach [...] **comhordú agus comhar le chéile agus, i gcás inarb ábhartha, leis an gCoimisiún, agus cuirfidh siad ar fáil pé faisnéis agus [...] cúnaimh is iomchuí dá chéile d'fhonn [...] an Treoir seo a chur chun feidhme go comhleanúnach comhréireach. Cumhdófar leis an gcomhordú, leis an gcomhar, agus leis an soláthar faisnéise agus [...] cúnaimh sin, go háirithe, bearta forfheidhmiúcháin.**

4. [...]

Airteagal 7

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoi [...] **18** mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.
2. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.
3. Déanfaidh na Ballstáit téacs fhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 8

Meastóireacht

Faoi [5 bliana ó dháta chur i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir agus cuirfidh sé tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Treorach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina n-áireofar measúnú ar an ngá atá ann a raon feidhme a mhéadú. I gcás inarb iomchuí, beidh togra le haghaidh leasú ar an Treoir seo ag gabháil leis an tuarascáil sin. Seolfar an mheastóireacht i gcomhréir leis na Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún an fhaisnéis a theastaíonn chun an tuarascáil sin a ullmhú.

Airteagal 9
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 10
Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit [...].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
